2024/1223

2.5.2024

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1223 ÓN gCOIMISIÚN

**an 30 Aibreán 2024**

**lena nglactar le hiarraidh ar stádas an táirgeora onnmhairiúcháin nua i ndáil leis na bearta frithdhumpála cinntitheacha arna bhforchur ar allmhairí tíleanna ceirmeacha de thionscnamh na hIndia agus na Tuirce, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/265 ón gCoimisiún**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 9(5) de,

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/265 ón gCoimisiún an 9 Feabhra 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí tíleanna ceirmeacha de thionscnamh na hIndia agus na Tuirce ([2]) ('an Rialachán bunaidh'), agus go háirithe Airteagal 2 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

## A. NA BEARTA ATÁ I bhFEIDHM

(1) An 10 Feabhra 2023, trí bhíthin 'an Rialachán bunaidh', d'fhorchuir an Coimisiún dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí tíleanna ceirmeacha de thionscnamh, *inter alia*, na Tuirce ('an táirge lena mbaineann') isteach san Aontas.

(2) San imscrúdú a raibh sé mar thoradh air dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha a fhorchur ('an t-imscrúdú bunaidh'), cuireadh sampláil i bhfeidhm san imscrúdú bunaidh chun táirgeoirí onnmhairiúcháin sa Tuirc, *inter alia*, a imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 17 den 'bun-Rialachán'.

(3) D'fhorchuir an Coimisiún rátaí dleachta frithdhumpála aonair idir 4,8 % agus 20,9 % ar allmhairí tíleanna ceirmeacha i gcás na dtáirgeoirí a sampláladh ón Tuirc. Forchuireadh meánráta dleachta ualaithe 9,2 % ar na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha de chuid na Tuirce nár áiríodh sa sampla. Liostaítear na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha de chuid na Tuirce nár áiríodh sa sampla in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán bunaidh. Ina theannta sin, forchuireadh ráta dleachta 20,9 % ar fud na tíre ar thíleanna ceirmeacha ó chuideachtaí sa Tuirc nár chomhoibrigh leis an imscrúdú.

(4) De bhun Airteagal 2 den Rialachán bunaidh, is féidir Airteagal 1(2) a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú tríd an ráta dleachta is infheidhme maidir leis na cuideachtaí comhoibríocha nár áiríodh sa sampla a dheonú do tháirgeoir onnmhairiúcháin nua de chuid na Tuirce, is é sin an meánráta dleachta ualaithe 9,2 %, i gcás inar leor an fhianaise a thugann an táirgeoir onnmhairiúcháin nua sin sa Tuirc don Choimisiún maidir leis na nithe seo a leanas: (i) níor onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh (an 1 Iúil 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2021); (ii) níl sé comhlachaithe le táirgeoir onnmhairiúcháin a rinne amhlaidh; agus (iii) d'onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann i ndiaidh na tréimhse sin nó chuaigh sé faoi oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe cainníochtaí substaintiúla a onnmhairiú.

## B. IARRAIDH AR STÁDAS AN TÁIRGEORA ONNMHAIRIÚCHÁIN NUA

(5) Chuir an chuideachta Anatolia Porselen Seramik Anonim Şirketi ('an t-iarratasóir') iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin go ndeonófaí stádas an táirgeora onnmhairiúcháin nua ('NEPT') dó agus, dá bhrí sin, go mbeadh sé faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir leis na cuideachtaí comhoibríocha sa Tuirc nár áiríodh sa sampla, i.e. 9,2 %, agus é ag maíomh gur chomhlíon sé na trí choinníoll a leagtar amach in Airteagal 2 den Rialachán bunaidh.

(6) Chun a chinneadh ar chomhlíon an t-iarratasóir na coinníollacha i leith deonú NEPT a fháil, na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 2 den Rialachán bunaidh ('coinníollacha NEPT'), chuir an Coimisiún ceistneoir ar dtús chuig an iarratasóir inar iarradh fianaise a léireodh gur chomhlíon sé coinníollacha NEPT.

(7) Tar éis anailís a dhéanamh ar an bhfreagra ar an gceistneoir, d'iarr an Coimisiún tuilleadh faisnéise agus fianaise thacaíochta, rud a chuir an t-iarratasóir faoina bhráid.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.
([2]) IO L 41, 10.2.2023, lch. 1.

(8) D'fhéach an Coimisiún le gach faisnéis a mheas sé a raibh gá léi a dheimhniú lena chinneadh ar chomhlíon an t-iarratasóir coinníollacha NEPT. Chuige sin, rinne an Coimisiún anailís ar an bhfianaise a chuir an t-iarratasóir isteach ina fhreagra ar an gceistneoir tríd an mbunachar sonraí ar líne Orbis ([3]) a cheadú, i measc nithe eile, agus trí fhaisnéis a bhaineann leis an gcuideachta a chros-seiceáil leis an bhfaisnéis atá ar fáil don phobal ar an idirlíon. Chuir an Coimisiún tionscal an Aontais ar an eolas freisin faoin iarraidh ón iarratasóir agus d'iarr sé ar thionscal an Aontais barúil a thabhairt ina leith. Thug tionscal an Aontais barúlacha agus cuireadh san áireamh iad.

## C. **ANAILÍS AR AN IARRAIDH**

(9) Maidir leis an gcéad choinníoll NEPT, nár onnmhairigh an t-iarratasóir an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn thréimhse an imscrúdaithe ar a bhfuil na bearta bunaithe, shuigh an Coimisiún nach raibh saoráidí monaraíochta oibríochtúla tíleanna ceirmeacha ag an iarratasóir le linn thréimhse an imscrúdaithe bunaidh. Léiríonn Iris Chlárlann Trádála na Tuirce gur bunaíodh an t-iarratasóir in 2018 ach léirítear i dtuarascáil iniúchta an iarratasóra don bhliain airgeadais dar críoch 2022 go raibh an t-iarratasóir fós i gcéim bunaithe ag deireadh 2022. Chuir an t-iarratasóir tús le táirgeadh trialach sa dara leath de 2023, dá bhrí sin, ní fhéadfadh an t-iarratasóir tíleanna ceirmeacha a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe agus, dá bhrí sin, comhlíonann sé an coinníoll a leagtar amach in Airteagal 2(a) den Rialachán bunaidh.

(10) Maidir leis an dara coinníoll NEPT, nach bhfuil gaol ag an iarratasóir le haon onnmhaireoir ná táirgeoir a d'onnmhairigh an táirge lena mbaineann le linn an imscrúdaithe bunaidh, níor shainaithin an Coimisiún, le linn an imscrúdaithe, aon chaidreamh ([4]) idir an t-iarratasóir agus eintiteas dlíthiúil eile.

(11) Léiríonn Iris Chlárlann Trádála na Tuirce gur bhunaigh Anatolia Holding Corp. (Ceanada) an t-iarratasóir in 2018. Ina bharúlacha, thug tionscal an Aontais dá aire, i gcomhthéacs iarraidh NEPT eile a bhain le táirge eile agus le páirtithe eile, gur dhiúltaigh an Coimisiún don iarraidh ó mhonarcha nuabhunaithe mar gheall ar dhíolacháin trádálaí gaolmhar sa tír lena mbaineann chuig an Aontas. Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil an staid fhíorasach sa chás i dtrácht go hiomlán difriúil. Níl an páirtí gaolmhar dá dtagraíonn tionscal an Aontais, sa chás seo, lonnaithe sa tír lena mbaineann ach i gCeanada.

(12) Chinn an Coimisiún go bhfuil naisc stairiúla ([5]) ag teaghlach Elmaağaçli, an teaghlach a bhunaigh an grúpa Anatolia, le Hitit Seramik Sanayi ve Ticaret A.Ş. ('Hitit'), táirgeoir onnmhairiúcháin a sampláladh san imscrúdú bunaidh. Mar sin féin, níl aon bhaint dhíreach ag an iarratasóir le Hitit. Fiú má bhí baill teaghlaigh áirithe Elmaağaçli ina mion-scairshealbhóirí de chuid Hitit sna nóchaidí, níor tugadh leis na scairshealbha sin ag aon phointe aon rialú ná treorú ar Hitit dá n-úinéirí. Díoladh na scairshealbha i dtrácht nó rinneadh iad a chaolú tuilleadh go dtí an pointe go raibh siad neamhshuntasach go bunúsach le linn thréimhse an imscrúdaithe bunaidh. Léiríonn faisnéis atá ar fáil go poiblí gur laghdaigh an teaghlach a bhunaigh grúpa Anatolia a rannpháirtíocht tosaigh in Hitit agus gur le teaghlach Hizal 95.5 % de Hitit faoi 2018 ([6]). Tá baint ag an scairshealbhóir eile in Hitit a bhaineann le teaghlach Elmaağaçli leis an iarratasóir trí naisc teaghlaigh ach níl aon smacht ná treoir aige ar an iarratasóir.

([3]) Is soláthraí domhanda sonraí é Orbis a sholáthraíonn faisnéis chorparáideach lena gcumhdaítear níos mó ná 220 milliún cuideachta ar fud an domhain. Go príomha, soláthraíonn sé faisnéis chaighdeánaithe faoi chuideachtaí príobháideacha agus faoi struchtúir chorparáideacha.

([4]) Sonraítear in Airteagal 127 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais, measfar beirt a bheith comhlachaithe: (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558) (Cód Custaim an Aontais Eorpaigh), go measfar gaol a bheith ag beirt i gcás ina gcomhlíonfar ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas: (a) más oifigeach nó stiúrthóir duine acu i ngnólacht an duine eile; (b) más comhpháirtithe gnó iad a bhfuil aitheantas dlíthiúil acu; (c) más fostóir agus fostaí iad; (d) más le tríú páirtí 5 % nó níos mó de na stoic nó de na scaireanna le cearta vótála de chuid na beirte acu, nó má rialaíonn nó má choinníonn tríú páirtí iad, go díreach nó go hindíreach; (e) má tá an bheirt acu faoi rialú díreach nó indíreach ag tríú páirtí; (f) má tá an bheirt acu faoi rialú díreach nó indíreach ag tríú páirtí; (g) má rialaíonn siad tríú duine go díreach nó go hindíreach le chéile; (h) más daoine den teaghlach céanna iad. Ní mheasfar gaol a bheith ag daoine atá i mbun gnó le chéile nuair is gníomhaire aonair, dáileoir aonair nó lamháltóir aonair duine acu, cibé tuairisc a dhéantar air, de chuid an duine eile ach amháin má thagann siad faoi na critéir dá dtagraítear san abairt roimhe seo

([5]) https://www.bizimanadolu.com/archives/Guncel/gun22.htm (ar breathnaíodh air go deireanach an 29 Eanáir 2024).

([6]) https://www.hurriyet.com.tr/yazarlar/vahap-munyar/aglama-luksum-yoktu-8inci-gun-baskan-oldum-40731455 (airteagal dar dáta an 28 Feabhra 2018 agus ar breathnaíodh air go deireanach an 19 Feabhra 2024).

(13) Dá bhrí sin, comhlíonann an t-iarratasóir an coinníoll a leagtar amach in Airteagal 2(b) den Rialachán bunaidh.

(14) Maidir leis an tríú coinníoll NEPT, d'onnmhairigh an t-iarratasóir an táirge chuig an Aontas tar éis na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh nó go bhfuil oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air cainníocht shuntasach a onnmhairiú chuig an Aontas, shuigh an Coimisiún le linn an imscrúdaithe, go bhfuil oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe ar an iarratasóir le roinnt custaiméirí san Aontas cainníocht shuntasach de thíleanna ceirmeacha a onnmhairiú chuig an Aontas.

(15) Dar le tionscal an Aontais, ós rud é go raibh orduithe trialach a bhí éifeachtach sa ráithe dheireanach de 2023 ag an iarratasóir, d'fhéadfaí a thabhairt le tuiscint nach bhfuil na hoibleagáidí conarthacha maidir le tíleanna ceirmeacha a sholáthar do-chúlghairthe ach ar feitheamh le measúnú breise a dhéanamh ar an táirge a sholáthraítear. Easaontaíonn an Coimisiún i bhfianaise oibleagáidí conarthacha an iarratasóra agus na bpionós a eascraíonn as sárú treallach ag na páirtithe ar théarmaí an chomhaontaithe.

(16) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go gcomhlíonann an t-iarratasóir an coinníoll a leagtar amach in Airteagal 2(c) den Rialachán bunaidh.

(17) I bhfianaise a bhfuil thuas, comhlíonann an t-iarratasóir gach ceann de na trí choinníoll chun go ndeonófar NEPT dó, mar a leagtar amach in Airteagal 2 den Rialachán bunaidh agus ba cheart, dá bhrí sin, glacadh leis an iarraidh. Dá réir sin, ba cheart an t-iarratasóir a bheith faoi réir dleacht frithdhumpála 9,2 % le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha de chuid na Tuirce nár áiríodh sa sampla i gcás na Tuirce le linn an imscrúdaithe bunaidh.

D. **NOCHTADH**

(18) Cuireadh an t-iarratasóir agus tionscal an Aontais ar an eolas faoi na fíorais agus na breithnithe fíor-riachtanacha ar ar a mbonn a measadh gurbh iomchuí an ráta dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir leis na cuideachtaí comhoibríocha de chuid na Tuirce nár áiríodh sa sampla don Tuirc san imscrúdú bunaidh a dheonú do Anatolia Porselen Seramik Anonim Şirketi.

(19) Tugadh an deis do na páirtithe barúlacha a chur isteach. Ní bhfuarthas aon bharúil.

(20) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bhunaítear le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an chuideachta seo a leanas le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/265 ina bhfuil liosta de na cuideachtaí comhoibríocha de chuid na Tuirce nár áiríodh sa sampla don Tuirc:

| 'Ainm | Cód breise TARIC |
|---|---|
| Anatolia Porselen Seramik Anonim Şirketi | 89AG' |

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Aibreán 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN